An Roinn Oideachais
Department of Education

Meastóireacht na Scoile Uile: Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

Tuairisc

Ainm na scoile	Laurel Hill Coláiste FCJ
Seoladh na scoile	Cnoc na Labhras Luimneach
Uimhir rolla/ Uimhir rolla	64270P
Dáta na cigireachta/ Dáta na Meastóireachta	18-10-2023
Dáta eisiúna na tuairisce	07/05/2024

Cad is meastóireacht scoile uile - bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim?

Déantar tuairisciú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama agus ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta i scoil le linn Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim. Déantar dea-chleachtas a dhearbhú ann agus déantar moltaí, nuair is cuí, chun cabhrú le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar sholáthar oideachais sa scoil.

Conas an tuarascáil seo a léamh

Le linn na cigireachta seo, rinne na cigirí meastóireacht agus tuairisciú faoi na ceannteidil nó na réimsí fiosrúcháin seo a leanas:

1. Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta scoile

2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama

3. Cáilíocht na tacaíochta d'fholláine na scoláirí

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht gach ceann de na réimsí seo ag baint úsáid as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar an leathanach deiridh den tuairisc seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireacht agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile i ngach réimse.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

Gníomhartha na scoile chun leanaí a chosaint agus bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi

Le linn na cuairte cigireachta, rinneadh na seiceálacha seo a leanas maidir le nósanna imeachta cosanta leanaí agus frithbhulaíochta na scoile:	
Cosaint Leanaí	*Frithbhulaíocht*
1. Tá ainm an DIA agus an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar taispeáint go feiceálach gar do phríomhdhoras na scoile. 2. Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí faofa ag an mbord agus áirítear ann athbhreithniú bliantúil agus measúnú ar riosca. 3. Thuairiscigh gach múinteoir ar tugadh cuairt orthu go bhfuil an Ráiteas um Chumhdach Leanaí léite acu agus go bhfuil siad ar an eolas faoina bhfreagrachtaí mar dhaoine faoi shainordú. 4. Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ag teacht lena n-éilítear faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'lar- Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023). 5. Tá tuairisc i dtaifid na dtrí chruinniú den bhord bainistíochta deiridh maidir le maoirseacht ar chosaint leanaí a chomhlíonann riachtanais na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do	1. Tá polasaí frithbhulaíochta forbartha ag an scoil ashásaíonn na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile (2013)*, agus athbhreithnítear an polasaí seo go bliantúil. 2. Tá taifead i miontuairiscí an bhoird bainistíochta go gcuireann an príomhoide tuairisc ar fáil don bhord ar a laghad uair sa téarma ar líon iomlán na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh (tríd an teimpléad taifeadta bulaíochta atá ar fáil sna Gnásanna) ó cuireadh an tuairisc roimhe sin ar fáil don bhord. 3. Tá polasaí frithbhulaíochta na scoile foilsithe ar a láithreán gréasáin agus/nó tá fáil go héasca air do bhaill an bhoird bainistíochta, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaltaí/scoláirí. 4. Tá tionscnaimh chuí i bhfeidhm ag an scoil chun cultúr agus timpeallacht scoile dearfach agus uilechuimsitheach a chothú.

Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023). 6. Tá sé deimhnithe ag an mbord bainistíochta go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun eolas a chur ar fáil do phearsanra uile na scoile maidir leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023). 7. Tá sé léirithe i ndoiciméid phleanála scoile go bhfuil soláthar iomlán á dhéanamh ag an scoil do ghnéithe ábhartha an churaclaim (OSPS, Bí Sábháilte, OCG). 8. Tá na taifid maidir le cosaint leanaí á gcoinneáil in áit shlán, dhaingean.	5. Tuairiscíonn na múinteoirí ar fad ar tugadh cuairt orthu go bhfuil polasaí frithbhulaíochta na scoile léite acu agus go bhfuil siad feasach ar a róil agus a bhfreagrachtaí maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.

Chomhlíon an scoil na riachtanais ar fad maidir le seiceálacha ar chosaint leanaí.

Chomhlíon an scoil na riachtanais maidir le seiceálacha 1,3,4,5 de na seiceálacha frithbhulaíochta thuas. Níor chomhlíon an scoil na riachtanais maidir le seiceáil 2 de na seiceálacha frithbhulaíochta.

Is ar an mbord bainistíochta atá an fhreagracht a dheimhniú go bhfuil an scoil iomlán comhlíontach leis an seiceáil seo. Déanfaidh an Chigireacht monatóireacht ar dhul chun cinn an bhoird i dtaca le comhlíontacht iomlán a bhaint amach.

Meastóireacht scoile uile - bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim

Dátaí na cigireachta	16,17, 18 Deireadh Fómhair 2023
Gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Cruinniú leis an mbord bainistíochta • Cruinniú aiseolais leis an bpríomhoide agus leis an bpríomhoide tánaisteach (gníomhach) • Cruinnithe le príomhfhoirne • Athbhreithniú ar dhoiciméid ábhartha • Grúpa fócais scoláirí	• Cruinniú le tuismitheoirí • Anailís ar cheistneoirí tuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí • Breathnóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Idirghníomhaíocht le scoláirí • Aiseolas don fhoireann ardbhainistíochta, don bhord bainistíochta agus do mhúinteoirí

Comhthéacs na Scoile

Is iar-bhunscoil do chailíní amháin í Laurel Hill Coláiste FCJ a fheidhmíonn faoi iontaobhas Le Chéile. 380 scoláire a bhí rollaithe sa scoil aimsir na cigireachta. Bunaithe sa bhliain 1935, agus ag soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge ó shin, tá an scoil lonnaithe i gcathair Luimnigh ar aon champas amháin le scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus atá faoi choimirce na n-iontaobhaithe céanna. Tá an scoil páirteach i gCóras Coiteann Iontrála Iar-bhunscoileanna Cheantar Luimnigh. Tagann scoláirí chun na scoile ó cheantair éagsúla sa chathair chomh maith le ceantair mórthimpeall ar an gcathair, contaetha eile san áireamh. Freastalaíonn na scoláirí seo ar bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (scoileanna T2) agus ar Ghaelscoileanna (scoileanna T1). Le roinnt blianta, tá méadú tagtha ar chéatadán na scoláirí a thagann ó bhunscoileanna T2. Soláthraíonn an scoil na cláir churaclaim seo a leanas: an tSraith Shóisearach, Idirbhliain (éigeantach) agus an Ardteistiméireacht (bhunaithe).

Achoimre ar na príomhchinntí agus ar na príomh-mholtaí:

Cinntí

- Bhí cáilíocht fhoriomlán an teagaisc agus na foghlama go maith; breathnaíodh samplaí de chleachtas a bhí ar ardcháilíocht.
- Bhí cáilíocht na ceannaireachta ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc go maith; tugadh suntas faoi leith d'fhéinspreagthacht mórán ball foirne i dtaca lena bhfoghlaim ghairmiúil féin agus don chaoi a raibh an fhoghlaim seo ag dul chun leasa scoláirí.
- Bhí feabhsuithe suntasacha curtha i gcrích i dtaca le bainistiú na heagraíochta rud a d'fhág an cháilíocht ag leibhéal an-mhaith.
- Bhain ardcháilíocht leis an obair a bhí déanta I dtaca le ceannaireacht ar fhorbairt na scoile a threorú; tugadh suntas do leithne na bhforbairtí a bhí curtha i gcrích agus don chur chuige athmhachnamhach a threoraigh próisis chinnteoireachta.
- Bhí an cháilíocht i gcás acmhainn na ceannaireachta le moladh go hard; bhí córais chumarsáide forbartha a chuirfidh ar chumas na scoile lánacmhainn na comhpháirtíochta a bhaint amach.
- Bhain cáilíocht mhaith leis na tacaíochtaí d'fholláine na scoláirí agus bhí leas á bhaint as próiseas téagartha féinmheastóireachta scoile (FMS) chun cur le héifeachtúlacht na dtacaíochtaí a bhí ar fáil; thacaigh rannpháirtíocht scoláirí i rogha cuí tograí agus imeachtaí comhchuraclaim agus seach-churaclaim go héifeachtach le hobair a bhí ar siúl I dtaca le cothú a gcuid folláine.

Moltaí

- Is ar mhaithe le breis freagrachta a thabhairt do scoláirí as a gcuid foghlama féin a stiúradh a mholtar do mhúinteoirí go leathnófaí agus go ndoimhneofaí na scothchleachtais scoláire-lárnacha, inar tugadh ról follasach do scoláirí i gcinntí a bhain lena gcuid foghlama féin, a breathnaíodh le linn ceachtanna áirithe.
- Ionas go mbainfeadh an scoil lánacmhainn amach ó thaobh eispéireas tumoideachais ar ardcháilíocht a sholáthar, is gá gníomhú go sonrach ag leibhéal an ranga chun forbairt scileanna litearthachta Gaeilge na scoláirí uile a chomhtháthú lena bhfoglaim acadúil san ábhar.
- Chun a chinntiú go bhfuil obair an bhoird bainistíochta ag teacht go hiomlán lena ndualgais rialachais, géilliúlacht i dtaca le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus ar-bhunscoile (2013)* san áireamh, moltar go gcuirfí bonn níos foirmeálta faoi nósanna imeachta ag leibhéal an bhoird: ba cheart a dheimhniú go bhfuil na míreanna cuí ar fad (faomhadh miontuairiscí agus tuairisciú ar líon iomlán na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deiridh san áireamh) sa chlár chomh maith le ráiteas aontaithe ar an méid a pléadh ag cruinnithe á réiteach i gcónaí agus is gá córas a bhunú, ag leibhéal an bhoird, i dtaca le forbairt agus athbhreithniú polasaithe.
- San obair atá ar siúl chun an múnla tacaíochta foghlama a leasú, ba chóir don bhainistíocht shinseareach féachaint i dtreo múnla tacaíochta ina bhfuil breis solúbthachta a dhearadh mar thaca lena n-iarrachtaí ar fhreagairt mar is cuí do riachtanais leantacha agus do riachtanais a thagann chun cinn i rith na scoilbhliana.
- Faoi mar a moladh sa chigireacht ábhair a rinneadh ar an Treoir sa bhliain 2020, is gá polasaí na scoile um Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) a thabhairt cothrom le dáta.

Cinntí agus moltaí mionsonraithe

1. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama

Bhí cáilíocht fhoriomlán an teagaisc agus na foghlama go maith: bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama go han-mhaith i mionlach suntasach ceachtanna agus go maith i dtromlach na gcásanna. Is sásúil a bhí an cháilíocht i roinnt bheag ceachtanna.

Torthaí agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí

Bhí torthaí na foghlama agus eispéiris na foghlama do scoláirí go maith ar an iomlán. Bhí forbairt chéimneach le scafláil chuí agus ionchais arda don fhoghlaim mar shaintréithe i mbeagnach gach ceacht. Seiceáladh an obair bhaile nó an réamhfhoghlaim ag tús na gceachtanna ar fad agus bhí an t-athmheabhrúchán, nó seiceáil ar an réamhfhoghlaim, treoraithe go han-éifeachtach. Bhí sé mar ghnáthchleachtas intinní foghlama a roinnt leis na scoláirí ag tús na gceachtanna: bhain ardcháilíocht leis an gcleachtas seo nuair a bhí gnéithe den ábhar agus den teanga san áireamh, nuair a tagraíodh do na hintinní foghlama le linn agus/nó ag deireadh an cheachta agus nuair a cuireadh critéir i dtaca le foghlaim nó hobair rathúil faoi bhráid scoláirí. Ba i gcúpla cás a cruthaíodh deiseanna do na scoláirí chun a dtuiscint ar na hintinní foghlama a chíoradh nó a chur in iúl ag tús ceachta, cleachtas a mholtar a leathnú.

Aithníodh scóip, i dtromlach na gceachtanna, chun scileanna litearthachta na scoláirí a fhorbairt: ba cheart deiseanna a chruthú do na scoláirí chun an teanga acadúil a bhíonn de dhíth orthu – eochairfhocail nó saintéarmaíocht an ábhair agus na struchtúir teanga ábhartha – a chleachtadh ó bhéal le linn ceachta. I roinnt cásanna rinneadh cúram go han-seiftiúil d'fhorbairt chruinneas foghraíochta agus feasachta teanga scoláirí.

Go ginearálta, léirigh na scoláirí iad a bheith féinspreagtha chun foghlama. Cruthaíodh deiseanna dóibh i ngach ceacht chun comhoibriú lena bpiaraí san fhoghlaim. Breathnaíodh samplaí d'obair ghrúpa a bhí eagraithe go han-éifeachtach le róil chinnte ag baill. Go ginearálta,

léirigh scoláirí taithí ar chomhoibriú san fhoghlaim. I roinnt cásanna áfach, bheadh sé tairbheach eagar na ndeasca a athrú chun an chumarsáid idir na scoláirí a éascú níos fearr.

Bhí atmaisféar an-tacúil agus comh-mheasúil le sonrú sna ceachtanna ar fad. Tugadh an-mholadh do na scoláirí as a n-iarrachtaí. Léirigh na scoláirí i roinnt mhaith ceachtanna iad a bheith ar a gcompord ag cur ceisteanna ar ábhar an cheachta. Ghlac na scoláirí páirt ghníomhach i dtascanna bríocha a bhí deartha nó dea-roghnaithe chun an fhoghlaim a dhoimhniú agus a chur chun cinn. Maidir le tascanna áirithe, b'fhiú machnamh a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfadh na scoláirí a dhéanamh go neamhspléach lasmuigh d'am teagmhála ranga.

I gcás roinnt de na ceachtanna, bhí caint an mhúinteora ró-mhór sa treis agus bhí an claonadh in go leor cásanna glacadh le focail aonair mar fhreagra ó scoláirí. Moltar na deiseanna a thagann chun cinn le linn ceachta a úsáid chun muinín agus cumas na scoláirí in úsáid na teanga mar theanga acadúil a chur chun cinn. I gcúpla cás, bhí an claonadh ag múinteoirí abairtí leath i nGaeilge agus i mBéarla nó leaganacha Béarla de théacsanna a úsáid chun cabhrú leis na scoláirí. Ar mhaithe le sealbhú na sprioctheanga, áfach, mar theanga trína ndéanann agus a gcuireann scoláirí a gcuid foghlama in iúl, is den riachtanas é go n-úsáidfí sprioctheanga an ábhair nó na scoile sa teagasc mar is cuí.

Cleachtas aonair agus comhchoiteann na múinteoirí

Bhí cáilíocht na pleanála agus an ullmhúcháin do cheachtanna go han-mhaith. Bhí struchtúr shoiléir ar na ceachtanna ar fad agus, den chuid ba mhó, luas oiriúnach leis an obair. I roinnt cásanna ní mór an t-am a dháiltear ar thascanna a bhainistiú ionas go mbeidh deis ag na scoláirí luí isteach i gceart agus go héifeachtach lena bhfuil le déanamh.

Go ginearálta, baineadh úsáid an-éifeachtach as acmhainní digiteacha. Rinneadh é seo ar shlí a shaibhrigh agus a dhoimhnigh an t-eispéireas teagaisc agus foghlama agus a chabhraigh le cothú scileanna na scoláirí mar fhoghlaimeoirí neamhspleácha.

Ba trí mhonatóireacht an mhúinteora ar rannpháirtíocht scoláirí i dtascanna, trí ghluaiseacht timpeall an tseomra ranga, is mó a rinneadh cúram de dhifreáil na foghlama. I gcás an mhionlaigh, breathnaíodh cuir chuige difreála an-éifeachtacha eile i ndearadh tascanna ceachta agus obair bhaile freisin. Tá an-mholadh ag dul don chleachtas inar tugadh tascanna difreáilte don obair bhaile lena n-áiríodh tascanna struchtúrtha ach roghnacha. Tugadh moladh don chleachtas freisin sna cásanna inar baineadh úsáid an-éifeachtach as ceistiúchán ó bhéal chun dúshláin chuí agus scafal a chruthú do scoláirí, chun cabhrú le scoláirí cur lena bhfreagraí agus iad a spreagadh chun saintéarmaíocht agus struchtúir níos casta teanga a úsáid. Ba cheart na cleachtais seo a leathnú.

Léirigh athbhreithniú ar dhialanna scoláirí nach raibh obair bhaile á thaifeadadh i scríbhinn i roinnt cásanna. Leis na forbairtí ar fad atá déanta ar chomhtháthú teicneolaíochtaí digiteacha in eispéireas foghlama scoláirí, bheadh sé tráthúil fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi is éifeachtaí le cúram a dhéanamh den tslí ina n-eagraíonn scoláirí a gcuid oibre.

I roinnt cásanna, tugadh suntas don scothchleachtas san aiseolas foirmitheach sa sampla d'obair scríofa scoláirí a athbhreithníodh. Sna cásanna seo, bhí na critéir ratha agus an treoir chun feabhais soiléir. I gcás eile bhí obair an-mhaith ar bun chun scoláirí a chumasú chun aiseolas foirmitheach a thabhairt ar obair a bpiaraí. Moltar na cleachtais seo a fhorbairt tuilleadh agus a leathnú.

Bhí éagsúlacht sa cháilíocht a bhain le pleananna ábhair na rannóg a athbhreithníodh. Ag leibhéal na sraithe sóisearaí, ba mhinic a bhí aonaid foghlama cruthaithe agus comhtháthú déanta sna haonaid ar thorthaí foghlama ó shnáitheanna éagsúla na sonraíochtaí. Bhain an cleachtas ab fhearr leis na cásanna inar sonraíodh an chaoi a léireodh scoláirí torthaí a gcuid foghlama ag deireadh an aonaid agus inar sonraíodh an cúram a dhéanfaí don difreáil, d'fhorbairt scileanna litearthachta agus uimhearthachta, d'fholláine scoláirí trína gcuid rannpháirtíocha i ngníomhaíochtaí foghlama éagsúla. Tugadh suntas faoi leith don mbéim a leagadh ar mhachnaimh aonair agus machnamh roinne i gcuid de na pleananna mar gur léirigh sé gur doiciméid bheo, a d'fhreagair do riachtanais foghlama scoláirí de réir mar a tháinig siad chun solais, a bhí iontu.

2. Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta scoile

Bhain cáilíocht an-mhaith le ceannaireacht agus bainistíocht na scoile.

Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc

Ba phobal foghlama é pobal na scoile. Thuig ceannairí na scoile an luach a bhain leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus tugadh suntas don dúil a léirigh go leor ball foirne i bhforbairt a gcuid scileanna gairmiúla féin. Roghnaigh múinteoirí ábhair staidéir, taighde feidhmneach san áireamh, a bhain go dlúth le gnéithe faoi leith d'obair na scoile. B'inmholta leis é go raibh na scileanna agus tuiscintí nua a raibh múinteoirí aonair ag teacht orthu á roinnt acu le comhghleacaithe, bíodh sé mar chuid de mhír ag cruinniú foirne, mar ábhar plé ag cruinniú na ranna ábhair nó mar réimse fócais ag meitheal oibre. Bhí múinteoirí áirithe gafa i bpobail chleachtais freisin, taithí a thug deis dóibh cíoradh sa bhreis a dhéanamh ar thuiscintí agus ar eolas gairmiúil. Bhí tionchar na foghlama seo le haithint sna suíomhanna foghlama úd inar breathnaíodh cleachtas a bhí ar ardcháilíocht agus, dá bhrí sin, moltar go ndéanfaí breis forbartha ar an ngréasánú intí agus seachtrach seo. Bhainfeadh fiúntas faoi leith le breis líonraí tras-churaclaim.

Bhí próiseas na féinmheastóireachta scoile (FMS) in úsáid go han-éifeachtach chun cur leis an eispéireas foghlama agus teagaisc. Bailíodh fianaise ar shlite éagsúla agus bhí córais forbartha le go mbeadh guth an scoláire lárnach sa phróiseas seo. Tugadh ardmholadh don chaoi ina raibh, i gcásanna áirithe, an fhianaise roinnte i dtéamaí a bhí ag freagairt do réimsí cleachtais in *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022*. Ba léir gur chabhraigh an cur chuige seo leis an scoil na réimsí den soláthar ina raibh gá le gníomhú a aithint. Tugadh suntas freisin don chaoi ar athmhúnlaíodh na poist freagrachta ag leibhéal na meánbhainistíochta ionas go bhféadfaí tosaíocht a thabhairt do na réimsí feabhais ba mhó. Baineadh leas as cuir chuige an-éifeachtacha sa chinnteoireacht ar rannphairtíocht i dtograí a dhíreodh ar riachtanais aitheanta. Ba mhaith an ní leis é go raibh sé de mhisneach ag an scoil éirí as gníomhaíocht nó togra nuair a braitheadh nach raibh an leas inmhianaithe le baint as.

Mar thoradh ar an anailísiú critiúil a rinneadh ar fhianaise agus an comhphlé ag leibhéal foirne a d'éirigh as, bhí an fhoghlaim neamhspleách aitheanta mar fhócas don FMS. D'eascair an téama seo as obair a bhí déanta, le linn timthriallta eile den FMS, i gcomhpháirt le scoláirí agus le tuismitheoirí i dtaca leis an measúnú. I bhfianaise ábhar na moltaí atá déanta sa tuairisc seo i réimse an teagaisc agus na foghlama, moltar go ndéanfaí féinfheasacht na scoláirí mar fhoghlaimeoirí teanga a chomhtháthú leis an bhfís a leagfar amach don bhfoghlaim neamhspleách: bhí na cigirí den tuairim go bhféadfaí ionchais i bhfad níos airde a léiriú do scoláirí i dtaca leis an úsáid a bhain siad as sprioctheanga na scoile go hacadúil agus go sóisialta, cuir i gcás.

An eagraíocht a bhainistiú

Tugadh faoi bhainistiú laethúil na scoile go han-éifeachtach. Bhí róil soiléire ag baill na hardbhainistíochta, ag gach ball den fhoireann mheánbhainistíochta agus ag baill foirne eile a ghlac ceannaireacht ar réimsí éagsúla den soláthar. Ba thosaíocht don ardbhainistíocht é go gcothófaí cultúr dearfach na scoile agus ghníomhaigh siad go praiticiúil agus go tacúil chun fadhbanna a réiteach agus comhfhreagracht scoile uile a chur chun cinn. De bharr gur úsáideadh cur chuige comhpháirtíoch chun mór-riachtanais bhainistíochta na scoile a aithint, thuig an fhoireann uile conas mar a thacaigh obair na bpostsealbhóirí agus ceannairí eile sa scoil le bainistiú na scoile ó lá go lá agus le sárú aon deacrachtaí a tháinig chun cinn. Chabhraigh trédhearcacht na struchtúr cumarsáide intí, cruinnithe seachtainiúla ag príomhoidí cúnta áirithe agus ag an bhfoireann tréadchúraim san áireamh, le feasacht na foirne uile i leith na hoibre a bhí ar bun chun cáilíocht an tsoláthair a fheabhsú. Bhí comhoibriú an-éifeachtach á chothú trasna agus idir na leibhéil bhainistíochta éagsúla i mbaint amach spriocanna feabhsúcháin dá bharr seo.

Aithníodh gá, áfach, le gnéithe den bhfeidhmníocht ag leibhéal an bhoird bhainistíochta a fheabhsú. Moltar go gcuirfí bonn níos foirmeálta agus níos córasaí faoi nósanna imeachta an bhoird. Ba cheart na míreanna cuí a bheith sonraithe sa chlár agus ráiteas aontaithe ar an méid

a pléadh ag cruinnithe a réiteach i gcónaí. Ba cheart go mbeadh faomhadh miontuairiscí agus tuairisciú ar líon iomlán na gcásanna bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deiridh i measc na míreanna seasta ar an gclár. Is gá córas a bhunú i dtaca le forbairt agus athbhreithniú polasaithe agus, faoi mar a moladh le linn cigireachta ar an Treoir in 2020, is gá tosaíocht a thabhairt d'athbhreithniú ar an bpolasaí don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG). Bheifí ag súil leis freisin go mbeadh an feabhsúchán scoile mar ábhar plé rialta ag cruinnithe: gheobhadh an plé a bheith dírithe ar chur i bhfeidhm moltaí ag éirí as cuairteanna cigireachta, gnóthachtáil scoláirí, cúrsaí folláine, cáilíocht an tsoláthar tumoideachais chomh maith leis na cúrsaí foirgníochta a bhí go mór faoi chaibidil aimsir na cigireachta mar go raibh tionscadal mór tógála beartaithe don champas. Rachadh sé go mór chun leasa na scoile fís an-soiléir a fhorbairt i dtaca le fairsingtheacht an tumoideachais sa scoil agus polasaí a fhorbairt a léireodh mar a chuirfí an fhís sin i bhfeidhm i saol laethúil na scoile. B'fhearr go mór dá stiúrfadh an bord, nó fo-choiste de chuid an bhoird, an cíoradh is gá sa réimse seo.

Léargas eile ar an gcaoi a thacaigh an chomhpháirtíocht le bainistiú na scoile ná socrú a rinneadh go roinnfí an teicneolaí saotharlainne agus an teicneolaí digiteach idir an trí scoil a bhí buailte ar a chéile. Ina theannta seo, bhí cuid mhaith comhoibrithe idir an dá scoil lánchailíní ar an gcampas mar go raibh gá le háiseanna agus spásanna foghlama a roinnt. Chruthaigh easpa spáis go leor dúshlán, go háirithe mar a bhain leis an halla gleacaíochta a roinnt. É sin ráite bhí moladh ag dul do bhainistíocht na scoile, an bord san áireamh, as an infheistiú leanúnach a rinneadh i gcóiríocht na scoile: bhí gach iarracht déanta ar na seomraí ranga a choimeád geal agus tarraingteach, bhí na córais chuí ann chun úsáid teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú san eispéireas foghlama agus bhí athchóiriú déanta ar an leabharlann. Bhí dlúthnasc idir an scoil agus an coláiste oideachas múinteoirí a bhí suite i ngiorracht dóibh agus rinneadh socrúcháin scoile na múinteoirí faoi oiliúint a bhainistiú go córasach.

Tosaíocht don scoil ab ea é go mbeadh tuismitheoirí gníomhach, mar is cuí, i saol na scoile agus in oideachas a bpáistí. Leagadh an-bhéim ar eolas a sholáthar do thuismitheoirí agus chabhraigh aip a tugadh isteach in 2022/2023 go mór leis seo agus leis an gcumarsáid déthreoch i gcoitinne. Ina theannta seo, fuair tuismitheoirí áirithe deis ar a bheith páirteach, i dteannta scoláirí agus múinteoirí, i dtogra a dhírigh ar chúrsaí meabhairshláinte. Bhí an cumann tuismitheoirí céanna ag an dá scoil lánchailíní agus nósanna imeachta fréamhaithe le deimhniú go raibh ionadaithe ón dá scoil ar chomhstádas.

Forbairt scoile a threorú

Bhí an-obair déanta ag ceannairí na scoile, laistigh de thréimhse ghairid ama, chun gnéithe lárnacha d'fheidhmniú agus de sholáthar na scoile a thabhairt chun cinn. Tugadh suntas faoi leith d'fhairsingeacht na réimsí a bhí feabhsaithe agus don chaoi ar gríosadh pobal na scoile chun gníomhú i gcomhpháirt ar mhaithe leis na scoláirí. Sa bhreis ar fheabhsuithe eile atá luaite i míreanna eile sa tuairisc seo, rinneadh leathnú ar an soláthar curaclaim ag leibhéal na sraithe sinsearaí agus rinneadh iarracht mhacánta ar chluas a thabhairt do na geallshealbhóirí ábhartha nuair a bhí cinntí leochaileacha le glacadh. Tuigeadh freisin an gá a bhí le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gníomhaíochtaí chun feabhais agus athbhreithniú a dhéanamh ar an éifeacht a bhain leo.

Ba léir lánacmhainn a bheith ag ceannaireacht na scoile chun dul i ngleic leis na forbairtí atá á moladh sa tuairisc seo chomh maith le haon fhorbairtí eile a thagann aníos mar chuid den bhféinmheastóireacht scoile. I bhfianaise ard-acmhainn na scoile chun forbairt scoile a threorú, moltar go mbeadh sé mar mhórsprioc gníomhú i dtreo eispéireas tumoideachais eiseamláireach a sholáthar.

Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt

Bhí bunchloch láidir ann i bhfoirm struchtúir chumarsáide téagartha, smaointeoireacht oscailte, próisis athmhachnamhacha, ceannaireacht dáilte agus dearcadh dearfach i leith na comhpháirtíochta chun gníomhú i dtreo breis feabhais fós a chur le gnéithe den soláthar. Léirigh an obair a bhí déanta, faoi cheannasaíocht fíor-éifeachtach an phríomhoide, gur aithníodh an fiúntas a bhain le rannpháirtíocht scoláirí, tuismitheoirí agus geallshealbhóirí eile i bpróisis chinnteoireachta. Nuair a bhí cinntí nó roghanna le déanamh, tugadh aird do luachanna bhunaitheoirí na scoile ach le súil i gcónaí ar an gcomhthéacs comhaimseartha freisin agus ar riachtanais foghlama ar feadh an tsaoil na scoláirí.

Bhí deiseanna ar an gceannaireacht dháilte tapaithe ag go leor ball foirne agus labhair siad le misneach agus le bród as an dea-thionchar a bhí ag a gcuid oibre ar eispéireas oideasúil na scoláirí. Chlúdaigh an obair seo go leor réimsí soláthair, bíodh cúram mar chuid de phost freagrachta, togra a rinneadh i gcomhpháirt le heagraíocht eile nó imeachtaí comh-churaclaim na scoile i gceist. Tá sé tráthúil, mar sin, go dtógfaí ar an dea-obair seo ar fad agus go ngníomhófaí go córasach agus go diongbháilte i dtreo eispéireas lánthumtha eiseamláireach a sholáthar do na scoláirí uile.

3. Cáilíocht na tacaíochta d'fholláine na scoláirí

Bhí cáilíocht mhaith ag baint leis an dtacaíocht d'fholláine na scoláirí.

Croí-luach sa scoil ab ea cothú an chompánachais: féachadh ar an gcomhpháirtíocht mar bhealach chun tacú le gach ball de phobal na scoile barr a n-acmhainne a bhaint amach. Bhí na dea-chaidrimh le haithint sa tslí inar chaith daoine lena chéile agus mheabhraigh na saothair chruthaitheacha a bhí ar taispeáint mórthimpeall na scoile an luach a bhí ar chomh-mheas ar dhaoine. Measadh freisin go raibh an compánachas idir an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach gníomhach eiseamláireach agus go ndeachaigh sé seo chun tairbhe meithleacha oibre eile sa scoil.

Bhí coiste folláine agus foireann tréadchúraim na scoile an-ghníomhach agus rinne na baill stiúradh an-éifeachtach ar go leor den obair chomhpháirtíoch a bhí ar siúl chun folláine scoláirí, tuismitheoirí agus múinteoirí a chothú. Bhí réimsí freagrachta soiléire ag na baill uile agus iad lánpháirteach i dtograí a bhí roghnaithe nó deartha mar gur oir siad do shainriachtanais ghrúpaí de scoláirí nó scoláirí aonair. Tuairiscíodh go dearfach faoin bhfeabhas a tháinig ar chúrsaí frithbhulaíochta agus gnéithe de mheabhairshláinte na scoláirí, a dtuismitheoirí agus a múinteoirí mar thoradh ar rannpháirtíocht na scoile i dtograí faoi leith. I ngrúpa fócais le scoláirí, tagraíodh don chaoi ar tháinig brú ó phiaraí, maidir le hullmhúchán agus gnóthachtáil i scrúduithe salach ar na dea-chaidrimh ar fad a cothaíodh níos luaithe ina gcuid scolaíochta. B'fhiú féidearthachtaí a fhiosrú d'fhonn an feinimeán seo a mhaolú.

Bhí soláthar cuí á dhéanamh ar thráthchlár na scoile d'fholláine scoláirí na sraithe sóisearaí, lena n-áiríodh ranganna san Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) agus Corpoideachas. Lena chois seo, sa chéad bhliain, bhí ceacht reiligiúin sa tseachtain á chaitheamh le dialann athléimneachta agus bhí gach scoláire páirteach i modúl scoildheartha ar ar tugadh Gaelfholláine. B'é ba mhian leis an scoil ná bunchloch láidir a leagadh síos sa chéad bhliain le go mbeadh na scileanna agus dearcthaí cuí ag scoláirí le breis freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama féin de réir mar a ghabh siad trína n-oideachas iarbhunleibhéil agus ina dhiaidh sin. Bhí an uaillmhian seo le moladh mar a bhí an obair a bhí i mbéal forbartha ar mhaithe le ró-spleáchas scoláirí ar a gcuid múinteoirí, i dtaca le stiúradh a ndul chun cinn, a laghdú.

Ag éirí as athbhreithniú ar an soláthar don Fholláine, beartaíodh ar an modúl Gaelfholláine a chur ar fáil in áit rang sna teicneolaíochtaí digiteacha mar a bhí ann le linn 2022/2023. Cé go léiríonn an fhianaise go raibh deacrachtaí leis an nGaeilge ag cruthú strus áirithe do scoláirí, meastar gur fearr tacú leis an sainghné seo de sholáthar na scoile ar bhonn leanúnach agus thar na bliainghrúpaí ar fad mar chuid de straitéis litearthachta Gaeilge scoile uile ar mhaithe leis na na scoláirí a chumasú chun dul i ngleic go muiníneach leis an bhfoghlaim trí mheán na Gaeilge. Mar chuid de seo, is gá cuimhneamh ar na riachtanais teanga éagsúla a thagann i gceist, ag staideanna difirúla le linn na scoilbhliana i gcás na mbliainghrúpaí ar fad, agus clár tacaíochta teanga cuimsitheach a fhéachann le freagairt do na riachtanais seo a dhearadh.

Bhí OCG á sholáthar mar chuid de chlár OSPS na sraithe sóisearaí agus mar chuid den chlár reiligúin sna bliainghrúpaí sinsearacha. Ba iad na múinteoirí OSPS agus Reiligúin a mhúin OCG dá rang-ghrúpaí féin, socrú a tháinig leis an dea-chleachtas. Tugadh cuireadh d'aoichainteoirí cur leis an ionchur a soláthraíodh le linn ceachtanna príomhshrutha nuair ba ghá. Cur chuige athmhachnamhach a threoraigh na cinntí seo sa mhéid is gur beartaíodh ar an idirghabháil chuí ag brath ar riachtanais a aithníodh mar chuid de phróiseas FMS. In ainneoinn na ndea-chleachtas seo, tugadh faoi deara le linn na meastóireachta go raibh bearnaí i bhfeasacht scoláirí agus tuismitheoirí ar sholáthar OCG na scoile. D'fhéadfadh gur bhain seo leis an bpolasaí OCG a bheith as dáta agus gan a bheith ar fáil ar shuíomh idirlín na scoile. Is gá

polasaí OCG na scoile a thabhairt cothrom le dáta gan mhoill agus bheadh fiúntas le breis eolais a chur ar fáil do thuismitheoirí. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh, cuir i gcás, san acmhainn folláine fíortharraingteach agus fíorphraiticiúil atá ar an suíomh agus a forbraíodh do thuismitheoirí.

Bunaíodh foireann tréadchúraim sa scoil ag éirí as moladh a rinneadh mar chuid de mheastóireacht ar an dTreoir sa bhliain 2020. Tugadh le fios go raibh feabhas mór tagtha ar an gcumarsáid sa réimse cúraim scoláirí le cruthú na foirne seo agus úsáid aip na scoile in éascú na cumarsáide. Mar thaca don obair seo, b'fhiú míreanna ar leith ar shuíomh idirlín na scoile a thabhairt cothrom le dáta freisin le deimhniú go bhfuil teacht ag cuairteoirí seachtracha ar an eolas is déanaí faoi sholáthar na scoile.

Ceapadh comhairleoir Treorach nua le linn na tréimhse meastóireachta tar éis don scoil a bheith gan comhairleoir ó Eanáir 2022. Cé go ndearna an fhoireann tréadchúraim iarracht inmholta ar an gcúnamh cuí a chur ar fáil le linn don scoil a bheith ag feidhmiú gan comhairleoir Treorach, aithníodh le linn na meastóireachta go raibh gá le feasacht scoláirí i leith na dtacaíochtaí a bhí ar fáil ón gcomhairleoir Treorach a fheabhsú, go háirithe mar a bhain le conas a d'fhéadfadh scoláirí sóisearacha cúnamh a lorg dá mba ghá.

Tá tús curtha le cuíchóiriú a dhéanamh ar an múnla do sholáthar na tacaíochta foghlama. Faoi láthair is córas aistharraingthe atá in úsáid chun an tacaíocht ar fad a chur ar fáil. Is maith an ní é go bhfuil spás fisiciúil níos oiriúnaí agus níos tarraingtí cruthaithe don tacaíocht foghlama. Céim chun tosaigh is ea é go bhfuiltear ag obair i dtreo croí-fhoireann a aithint. Le croí-fhoireann teann i bhfeidhm, d'fhéadfaí cur le saineolas na scoile i réimsí éagsúla an oideachais speisialta, buntáistí an tumoideachais do phaistí le riachtanais speisialta oideachais san áireamh. Chabhródh sé seo leis an scoil breis solúbthachta a chur sa chlár tacaíochta ionas go bhféadfaí na tacaíochtaí a chur i dtreo na riachtanas is mó ag amanna éagsúla. B'fhiú, freisin, cuimhneamh ar an gcaoi a d'fhéadfadh socruithe cómhúinteoireachta dul chun leasa scoláirí le riachtanais aitheanta.

Gné den soláthar ar thagair scoláirí agus tuismitheoirí go dearfach do arís agus arís eile ná an spreagadh a tugadh do scoláirí chun a bheith rannpháirteach in imeachtaí seach-churaclaim. Thug siad le fios gur chruthaigh sé spioraid teaghlaigh sa scoil agus gur chuir sé leis an gcompánachas. Ba léir gur mór ag foireann na scoile an chaoi a ndeachaigh rannpháirtíocht i réimse gníomhaíochtaí chun leasa scoláirí agus tá moladh ag dul d' fhoireann na scoile as an bhfuinneamh agus am ar fad a chaitear leis seo.

Contanam Cáilíochta na Cigireachta

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa suíomh ag baint úsáid as contanam cáilíochta mar a léirítear thíos. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag meastóireacht agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar an tsuímh i ngach réimse.

Leibhéal	Cur Síos	Sampla de théarmaí tuairisciúla
An-mhaith	Úsáidtear An-mhaith áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo, bíonn cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu thar cionn agus is sampla iad do scoileanna eile de shárchaighdeáin soláthair.	An-mhaith; ar cháilíocht an-ard; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard; Ar fheabhas: thar cionn; ar sárchaighdeán; le láidreachtaí an-suntasach; thar barr
Go maith	Úsáidtear Go maith áit ina bhfuil níos mó láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh leis an gcaighdeán an-mhaith a bhaint amach.	Go maith; cáilíocht mhaith; fiúntach;cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach;inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú
Sásúil	Úsáidtear Sásúil áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá díreach níos mó láidreachtaí ag na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí, cuireann siad srian leis na heispéiris foghlama agus ba chóir dul i ngleic leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach	Sásúil; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha;is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe
Measartha	Úsáidtear Measartha áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann ná láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic leheasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin.	Measartha, laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí; gan a bheith chomh sásúil sin; deacrachtaí ann; níor mhór feabhas a dhéanamh I réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh
Lag	Úsáidtear Lag áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe.	Lag; míshásúil; easnamhach;neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas atá suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann

An Roinn Oideachais
Department of Education

Whole-School Evaluation: Management, Leadership and Learning

Report

REPORT

School name	Laurel Hill Coláiste FCJ
School address	Laurel Hill Limerick
Uimhir rolla/ Roll number	64270P
Dáta na cigireachta/ Date of Evaluation	18-10-2023

What is whole school evaluation - management, leadership and learning?

Whole-School Evaluation – Management, Leadership and Learning reports on the quality of teaching and learning and on the quality of management and leadership in a school. It affirms good practice and makes recommendations, where appropriate, to aid the further development of educational provision in the school.

How to read this report

During this inspection, the inspectors evaluated and reported under the following headings or areas of enquiry:

1. Quality of school leadership and management

2. Quality of teaching and learning

3. Quality of support for students' wellbeing

